Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Samhain 2026
(OR. en)

16245/26
ADD 1

EF 306
ECOFIN 1515
DELACT 180
ECB

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 7883 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais maidir le trédhearcacht chorrlaigh agus uirlis ionsamhlúcháin corrlaigh ag contrapháirtithe lárnacha agus trédhearcacht chorrlaigh agus ionsamhlúcháin chorrlaigh ag soláthraithe seirbhísí imréitigh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 7883 annex.

Faoi iamh: C(2026) 7883 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2026
C(2026) 7883 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na ceanglais maidir le trédhearcacht chorrlaigh agus uirlis ionsamhlúcháin corrlaigh ag contrapháirtithe lárnacha agus trédhearcacht chorrlaigh agus ionsamhlúcháin chorrlaigh ag soláthraithe seirbhísí imréitigh

IARSCRÍBHINN

Na ceanglais maidir leis na cásanna struis margaidh le haghaidh uirlis ionsamhlúcháin corrlaigh an CPL

Leis na cásanna maidir le huirlis ionsamhlúcháin an CPL dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 5(1) comhlíonfar na ceanglais uile seo a leanas:

(a) tógfar iad ar bhealach a mbeidh tionchar aige ar shamhlacha corrlaigh tosaigh mar a leanas:

(i) beidh athruithe ar mhéideanna corrlaigh tosaigh mar thoradh orthu, i ngeall ar athruithe ar dhálaí an mhargaidh;

(ii) áireofar leo tréimhsí struis iomchuí a imríonn tionchar ar luaineacht sa mhargadh agus comhghaolta fachtóirí riosca arna ngabháil ag samhlacha corrlaigh tosaigh;

(iii) áireofar leo athrú ar leibhéil praghsanna na n-ionstraimí arna n-imréiteach ag an CPL, a úsáidtear mar ionchuir chun corrlaigh tosaigh a ríomh;

(iv) féadfar a áireamh leo tionchair ar rioscaí eile agus ar chomhpháirteanna corrlaigh, amhail mar gheall ar chostais leachtaithe mhéadaithe nó punanna a chur faoi chumhdach corrlaigh ar bhonn laghdaithe.

(b) a mhéid a bhaineann le cásanna stairiúla, áireofar leo na príomhtheagmhais struis roimhe seo is mó a bhfuil tionchar acu ar phunanna na gcomhaltaí imréitigh agus is ábhartha do na haicmí sócmhainní a imréitíonn an CPL;

(c) maidir le cásanna hipitéiseacha, tógfar iad ar bhealach ina gcuirfidh siad béim ar riachtanais leachtachta na gcomhaltaí imréitigh.